RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/750 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Feabhra 2022

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 a mhéid a bhaineann leis an aistriú go tagarmharcanna nua a ndéantar tagairt dóibh i gconarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún ([2]) na haicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar (OTC) a ainmnítear in Euro (EUR), Punt Steirling (GBP), Yen na Seapáine (JPY) agus Dollar na Stát Aontaithe (USD) atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh, i measc aicmí eile. Ar na haicmí sin tá aicme amháin a ainmnítear in EUR lena ndéantar tagairt do ráta an Mheáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA) chomh maith le roinnt aicmí a ainmnítear in GBP, JPY nó USD lena ndéantar tagairt do Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan (LIBOR), ach is dhá thagarmharc iad EONIA agus LIBOR a bhfuil deireadh le teacht leo.

(2) Chuir Institiúid Eorpach na Margaí Airgid (EMMI), riarthóir EONIA, in iúl go dtiocfaidh deireadh le EONIA ag deireadh 2021. Ar an gcaoi chéanna, chuir Riarthóir Tagarmharcanna ICE, riarthóir LIBOR, in iúl go dtiocfaidh deireadh le GBP LIBOR, JPY LIBOR agus socruithe áirithe USD LIBOR ag deireadh 2021 freisin, ach go dtiocfaidh deireadh le foilsiú na socruithe uile atá fágtha de USD LIBOR i mí an Mheithimh 2023. Ar an 5 Márta 2021, dheimhnigh Údarás um Iompar Airgeadais na Ríochta Aontaithe go scorfaidh aon riarthóir de shocruithe uile LIBOR a sholáthar nó nach mbeidh socruithe uile LIBOR ionadaíoch a thuilleadh. Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ina cháil maidir le maoirseacht bhaincéireachta (Maoirseacht Bhaincéireachta BCE), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ráiteas comhpháirteach chun a mholadh go láidir do chontrapháirtithe éirí as aon cheann de shocruithe LIBOR a úsáid, lena n-áirítear USD LIBOR, mar ráta tagartha i gconarthaí nua a luaithe is indéanta agus in aon chás faoin 31 Nollaig 2021.

(3) Tar éis an 31 Nollaig 2021, ní bheidh contrapháirtithe ábalta díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do EONIA, GBP LIBOR nó JPY LIBOR a dhéanamh a thuilleadh mar beidh deireadh leis na tagarmharcanna sin nó tá coinne leis nach ndéanfaidh contrapháirtithe díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a thuilleadh lena dtagraítear do USD LIBOR. Ar an dáta sin, mar sin, ní bheidh aon mhéid ná leachtacht i ndíorthaigh lena dtagraítear do EONIA, GBP LIBOR nó JPY LIBOR agus ní dhéanfaidh contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) na trádálacha sin a imréiteach ach oiread. Ar an dáta céanna sin, níor cheart aon leachtacht ábhartha a bheith i ndíorthaigh lena dtagraítear do USD LIBOR ach oiread. Dá bhrí sin, ní chomhlíonfaidh na haicmí díorthach atá i raon feidhme na hoibleagáide imréitigh faoi láthair agus lena dtagraítear do EONIA, GBP LIBOR nó JPY LIBOR dhá cheann de na coinníollacha a thuilleadh le bheith faoi réir na hoibleagáide imréitigh a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i.e. leibhéal leordhóthanach leachtachta a bheith acu agus a bheith imréitithe ag contrapháirtí lárnach údaraithe nó aitheanta, agus ní chomhlíonfaidh na haicmí díorthach atá i raon feidhme na hoibleagáide imréitigh faoi láthair agus lena dtagraítear do USD LIBOR ceann amháin de na coinníollacha a thuilleadh le bheith faoi réir na hoibleagáide imréitigh a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i.e. leibhéal leordhóthanach leachtachta a bheith acu. Dá bhrí sin, ba cheart na haicmí sin a bhaint as raon feidhme na hoibleagáide imréitigh.

(4) Tá obair ar bun ag rialtóirí agus ag rannpháirtithe sa mhargadh ar rátaí ionadaithe le haghaidh na n-airgeadraí sin, agus go háirithe ar rátaí nua saor ó riosca a fhorbairt, ar rátaí iad atá in úsáid anois mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais. Go háirithe, cruthaíodh na rátaí saor ó riosca, ráta gearrthéarmach an euro (€STR), an Ráta Urraithe Maoinithe Thar Oíche (SOFR), an Meáninnéacs Steirling Thar

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13).

Oíche (SONIA) agus Meáninnéacs Thóiceo Thar Oíche (TONA) le haghaidh EUR, USD, GBP agus JPY faoi seach. Maidir leis an margadh díorthach thar an gcuntar go sonrach, ciallaíonn sé anois go bhfuil conarthaí díorthach ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do €STR, SOFR, SONIA agus TONA á dtrádáil ag contrapháirtithe agus á n-imréiteach ag contrapháirtithe lárnacha áirithe.

(5) Tugadh fógra do ESMA faoi na haicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do €STR, SOFR, SONIA nó TONA a bhfuil údarú ag contrapháirtithe lárnacha áirithe iad a imréiteach. I gcás gach ceann de na haicmí sin, tá measúnú déanta ag ESMA ar na critéir atá fíor-riachtanach chun iad a chur faoi réir na hoibleagáide imréitigh, lena n-áirítear an leibhéal caighdeánaithe, an méid agus an leachtacht, agus infhaighteacht faisnéise praghsála. Agus laghdú an riosca shistéamaigh ina chuspóir uileghabhálach, tá cinneadh déanta ag ESMA maidir leis na haicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do chuid de na rátaí saor ó riosca sin ar cheart dóibh a bheith faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart, dá bhrí sin, na haicmí sin a áireamh i raon feidhme na hoibleagáide imréitigh.

(6) Go ginearálta, tá tréimhsí difriúla ama de dhíth ar chontrapháirtithe difriúla chun na socruithe is gá a chur i bhfeidhm chun tosú ar a gcuid díorthach ráta úis thar an gcuntar a imréiteach faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Sa chás sin, áfach, bhí am ag na contrapháirtithe ullmhú don aistriú tagarmharcanna agus do scor pleanáilte EONIA, EUR LIBOR, GBP LIBOR nó JPY LIBOR ag deireadh 2021, lena n-áirítear i leith a socruithe imréitigh. I gcás contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh cheana féin agus atá ag imréiteach díorthach ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in EUR nó GBP, ní bheidh gá le hathruithe móra, nó ní bheidh gá le hathrú ar bith, ar a gconarthaí imréitigh ná ar a bpróisis imréitigh chun na haicmí lena dtagraítear do na rátaí nua saor ó riosca sna hairgeadraí sin a imréiteach. Go deimhin, nuair atá socruithe imréitigh i bhfeidhm ag contrapháirtithe chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in EUR nó GBP a imréiteach, ansin ní gá, chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do na rátaí saor ó riosca sna hairgeadraí sin a imréiteach, socruithe imréitigh úrnua a bhunú agus a chur chun feidhme, faoi mar ba ghá nuair a thosaigh siad ag imréiteach na ndíorthach ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear sna hairgeadraí sin ar dtús. Ós rud é gur cuid d'ullmhúchán cur chun feidhme níos mó chun aistriú ó EONIA agus LIBOR go tagarmharcanna nua é díorthaigh lena dtagraítear do na rátaí nua saor ó riosca a imréiteach, ní gá céimniú isteach breise a thabhairt isteach chun cur chun feidhme ordúil, tráthúil na hoibleagáide sin a áirithiú. Na hathruithe a rinneadh chun na haicmí nua díorthach ráta úis thar an gcuntar a thabhairt isteach lena dtagraítear do na rátaí saor ó riosca agus a ainmnítear in EUR agus GBP, ba cheart go mbeadh feidhm acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(7) Tar éis an ráitis chomhpháirtigh ón gCoimisiún, ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, ó Mhaoirseacht Bhaincéireachta BCE agus ón Údarás Baincéireachta Eorpach inar moladh go láidir do chontrapháirtithe éirí as aon cheann de shocruithe LIBOR a úsáid mar ráta tagartha i gconarthaí nua a luaithe is indéanta agus in aon chás faoin 31 Nollaig 2021, b'éigean do na contrapháirtithe pleanáil don am nach mbeidís in ann an tagairt USD LIBOR a úsáid, lena n-áirítear i dtaca lena socruithe imréitigh. Na breithnithe céanna sin maidir le cumas contrapháirtithe a bhfuil socruithe imréitigh i bhfeidhm acu chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in airgeadra ar leith a imréiteach, na socruithe sin a oiriúnú in aga athluchtaithe sách gairid chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do na rátaí saor ó riosca san airgeadra céanna sin a imréiteach, tá feidhm acu sin maidir le USD freisin, ach fágann roinnt eilimintí breise nach bhfuil a gcuid ullmhúchán chomh forbartha céanna le haghaidh USD. Go háirithe, níor chuir na contrapháirtithe lárnacha in iúl go fóill cathain a dhéanfaidh siad na díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do USD LIBOR atá imréitithe faoi láthair a chomhshó go díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do SOFR agus ní léir go fóill ach oiread conas a dhéanfar imréiteach sainordaitheach a oiriúnú sa mhargadh intíre i gcás na ndíorthach sin. Fágann an chastacht bhreise sin go bhfuil níos mó ama ag teastáil ó chontrapháirtithe chun ullmhú le haghaidh oibleagáid imréitigh na ndíorthach ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear don ráta saor ó riosca USD agus dá bhrí sin gur gá céimniú isteach breise a thabhairt isteach chun cur chun feidhme ordúil, tráthúil na hoibleagáide sin a áirithiú. Na hathruithe a rinneadh chun an aicme nua díorthach ráta úis thar an gcuntar a thabhairt isteach lena dtagraítear don ráta saor ó riosca agus a ainmnítear in USD, ba cheart go mbeadh feidhm acu 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(8) Tá scor pleanáilte EONIA, GBP LIBOR agus JPY LIBOR beartaithe do dheireadh 2021 rud a fhágann nach mbeidh sé indéanta díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do na tagarmharcanna sin a thrádáil ná a imréiteach ón 3 Eanáir 2022 ar aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, tar éis an ráitis chomhpháirtigh ón gCoimisiún, ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, ó Mhaoirseacht Bhaincéireachta BCE agus ón Údarás Baincéireachta Eorpach inar moladh go láidir do chontrapháirtithe éirí as aon cheann de shocruithe LIBOR a úsáid mar ráta tagartha i gconarthaí nua a luaithe is indéanta agus in aon chás faoin 31 Nollaig 2021, tá coinne leis nach ndéanfaidh contrapháirtithe díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do USD LIBOR a thrádáil ná a imréiteach ón 3 Eanáir 2022 ar aghaidh. Ina ionad sin, ón 3 Eanáir 2022 ar aghaidh, déanfaidh contrapháirtithe díorthaigh eile ráta úis thar an gcuntar a thrádáil nó a imréiteach, go háirithe díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do rátaí saor ó riosca. Ba cheart, mar sin, don Rialachán seo teacht i bhfeidhm gan mhoill tar éis a fhoilsithe.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 a leasú dá réir sin.

(10) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(11) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus chuaigh sé i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 1a agus an mhír 1b seo a leanas:

"1a. De mhaolú ar mhír 1, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn i rónna D.4.1, D.4.2 de Thábla 4, gabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh na gconarthaí sin ar an 18 Bealtaine 2022.

1b. De mhaolú ar mhír 1, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn i rónna D.4.3 de Thábla 4, gabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh na gconarthaí sin ar an 18 Lúnasa 2022.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"De mhaolú ar mhír 1, mír 1a agus mír 1b, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a thugtar i gcrích idir contrapháirtithe atá ina gcuid den ghrúpa céanna agus i gcás ina bhfuil contrapháirtí amháin bunaithe i dtríú tír agus ina bhfuil an contrapháirtí eile bunaithe san Aontas, gabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh ar an:

(a) 30 Meitheamh 2022 i gcás nár glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i leith an tríú tír ábhartha;

(b) an dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas i gcás gur glacadh cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i leith an tríú tír ábhartha:

(i) 60 lá tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh coibhéise a glacadh de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun críocha Airteagal 4 den Rialachán sin lena gcumhdaítear na conarthaí díorthach thar an gcuntar dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i leith an tríú tír ábhartha;

(ii) an dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh de bhun mhír 1.";

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. De mhaolú ar mhíreanna 1, 1a, 1b agus 2, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn, gabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh ón 18 Feabhra 2022 ar aghaidh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níor gníomhachtaíodh an oibleagáid imréitigh faoin 18 Feabhra 2021;

(b) déantar na conarthaí a nuachan chun contrapháirtí atá bunaithe i mBallstát a chur in ionad an chontrapháirtí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus chun na críche sin amháin."

(2) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Aicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar faoi réir na hoibleagáide imréitigh

Tábla 1

Aicmí bonnbhabhtálacha

Aitheantas	Cineál	Innéacs Tagartha	Airgeadra Socraíochta	Aibíocht	Cineál Airgeadra Socraíochta	Roghnaíocht	Cineál Barúlach
A.1.1	Bonn	Euribor	EUR	28D-50Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach

Tábla 2

Aicmí babhtálacha ráta úis seasta-go-comhlúthach

Aitheantas	Cineál	Innéacs Tagartha	Airgeadra Socraíochta	Aibíocht	Cineál Airgeadra Socraíochta	Roghnaíocht	Cineál Barúlach
A.2.1	Seasta-go-comhlúthach	Euribor	EUR	28D-50Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach

Tábla 3

Aicmí comhaontuithe ar réamhráta (FRA)

Aitheantas	Cineál	Innéacs Tagartha	Airgeadra Socraíochta	Aibíocht	Cineál Airgeadra Socraíochta	Roghnaíocht	Cineál Barúlach
A.3.1	FRA	Euribor	EUR	3D-3Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach

Tábla 4

Aicmí babhtálacha innéacsanna thar oíche (OIS)

Aitheantas	Cineál	Innéacs Tagartha	Airgeadra Socraíochta	Aibíocht	Cineál Airgeadra Socraíochta	Roghnaíocht	Cineál Barúlach
A.4.2	OIS	FedFunds	USD	7D-3Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach
D.4.1	OIS	€STR	EUR	7D-3Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach
D.4.2	OIS	SONIA	GBP	7D-50Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach
D.4.3	OIS	SOFR	USD	7D-3Y	Airgeadra aonair	Gan roghnaíocht	Seasmhach nó athraitheach"